Forbairt homhtaite huineachain

Tacú le Pobail trí Chuimsiú Sóisialta agus Tacaíochtaí Tuaithe

2025 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Forbairt Chomhtaite Mhuineachain

Sonraí Teagmhála:

Ceannoifig

Aonad 9,
Páirc Ghnó Dhroim Iolaird,
Baile na Lorgan,
Mhuineacháin.

Teil: 0429749500
R-phost: info@midl.ie
Suíomh: www.midl.ie
Uimhir Chlárúcháin an Chomhlachta: 463952
Uimhir CHY: 18564
Uimhir Chláraithe Carthanais: 20071486

International Day
3 December
Persons with Disabilities
International Day of People with Disabilities

SICAP
Social Inclusion &
Community Activation
Programme

Cúpla focal ón gCathaoirleach Mary Mullen

Mar Chathaoirleach ar Fhorbairt Chomhtháite Mhuineacháin (FCM), tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2025 a chur i láthair, lena gcuirtear béim ar an obair a rinneadh i rith na bliana chun tacú le fás, deiseanna agus folláine ar fud Chontae Mhuineacháin. Is mór an onóir dom a bheith ag obair i dteannta le Bord deonach dúthrachtach atá tiomanta dár bpobail a neartú trí chomhpháirtíocht agus trí chomhoibriú.

Cloch mhíle shuntasach in 2025 ab ea ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Gabriel O'Connell, ag dul ar scor tar éis 23 bliain de sheirbhís den scoth. Mhúnlaigh ceannaireacht Gabriel obair FCM maidir le hinbhuanaitheacht, teacht aniar an phobail, cuimsiú sóisialta, forbairt tuaithe agus eacnamaíoch, rud a d'fhág oidhreacht bhuan ar fud an chontae. I mí Mheán Fómhair, chuir muid fáilte roimh Kilian Cawley mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua. Táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le Kilian agus muid ag freastal ar mhuintir Mhuineacháin.

Tá ár bPlean Straitéiseach 2023–2028 fós mar threoir againn inár gcuid oibre, agus déantar monatóireacht ar dhul chun cinn trí dheais thiomnaithe Boird. Cuireann an straitéis creat láidir ar fáil chun cláir chomhlántacha a sheachadadh, chun an tionchar is fearr a bhaint amach, agus chun ár gcuspóirí a chur chun cinn thar sé phríomhcholún.

Seoladh an Tionscadal Ceangail Pobail i mbliana, a thacaíonn le pobail i Muineachán agus sa Chabhán freagairt go dearfach agus go cuiditheach d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta trí chur chuige forbartha agus cuimsithe pobail.

Bhí áthas orainn freisin fáilte a chur roimh ár nOifigeach Áineasa Tuaithe nua, atá i gceannas ar an mbonneagar siúil agus áineasa a fheabhsú ar fud an chontae. Tar éis iniúchadh rathúil ó Spórt Éireann, ceadaíodh aon cheann déag de phleananna oibre Shlí Mhuineacháin agus cuireadh faoi bhráid na Roinne iad, rud a d'fhéadfadh rannpháirtíocht i Scéim na Siúlóidí a mhéadú ó 9 go 18 úinéir talún.

Fuair FCM maoiniú freisin do RuralRevive, tionscadal trí bliana CSE+ arna mhaoiniú ag an AE a raibh lámh ag comhpháirtithe as Éirinn agus as an nGréig ann. Tacóidh an tionscnamh le 40 duine dífhostaithe a bhfuil constaicí suntasacha rompu i leith fostaíochta ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin, agus cabhróidh sé le fostóirí deiseanna fostaíochta inmharthana a chruthú.

Bhí sé mar thosaíocht i gcónaí tacú le fiontar sóisialta. Trí SICAP, ghlac naoi n-eagraíocht páirt i gClár Oiliúna Bainistíochta Airgeadais a mhair ceithre seachtaine. Bhain siad amach ráta sásaimh 100% agus neartaigh siad a n-ábaltacht i bpleanáil agus i dtuairisciú airgeadais.

Leanadh le Straitéis SICAP 2024–2028 a chur i bhfeidhm, ag díriú ar phobail inbhuanaithe, chuimsitheacha a neartú agus ar chaighdeán na beatha a fheabhsú do dhaoine faoi mhíbhuntáiste. I measc na spriocghrúpaí tosaíochta i Muineachán tá daoine atá ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste, iad siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó gan phost, agus Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.
Lean de chláir leithéid Buggie Buddies a chuireann tacaíocht fhónta agus comhluadar ar fáil do thuismitheoirí óga.

Rinneadh dul chun cinn freisin faoi Chlár LEADER 2023–2027, le 33% den bhuiséad leithdháilte agus 7% tarraingthe anuas faoi dheireadh na bliana. Tá éileamh láidir fós ar thionscadail, mar aon le tionscnaimh atá dírithe ar chosaint uisce, iniúchtaí fuinnimh agus dramhaíola, forbairt turasóireachta, agus deiseanna geilleagair chiorclaigh.

Lean ár gcláir TÚS agus Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) de thacaíocht riachtanach a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus do charthanachtaí agus ag an am céanna deiseanna fostaíochta fiúntacha a chur ar fáil agus cuidiú le caoi a choinneáil ar áiseanna pobail agus iad a fheabhsú.

D'fhan an tSeirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil (SFCÁ) ina clár ríthábhachtach ar fud Mhuineacháin agus an Chabháin, ag nascadh cuardaitheoirí poist go rathúil le deiseanna fostaíochta agus ag tabhairt aghaidh ar scileanna agus riachtanais oiliúna áitiúla.

Ba bhliain eile í inar éirigh go geal leis an Ionad d'Oibrithe Deonacha. Bhí 321 clárúchán nua, chuir siad 275 oibrí deonach le 72 eagraíocht, agus thacaigh siad le bainistíocht oibrithe deonacha trí oiliúint agus ardú céime. Rinne Gradaim Oibrithe Deonacha Chontae Mhuineacháin, ar fhreastail breis agus 250 duine orthu, ceiliúradh ar an méid iontach atá déanta ag oibrithe deonacha. Fuair Linda Moore agus Gerry Atkinson gradaim ar leith agus léirigh a dtiomantas spiorad na hoibre deonaí sa chontae seo.

Lean an tionscadal Connecting Families, arna mhaoiniú ag an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, ar aghaidh ag cur cláir phobalbhunaithe ar fáil i gceantair Ghlaslocha Áth na Cloiche, ag cur muintearas, cruthaitheacht agus folláine chun cinn do pháistí, do theaghlaigh, do thuismitheoirí agus do sheandaoine.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill Boird as a dtiomantas agus a dtacaíocht leanúnach. Cuirim mo bhuíochas in iúl freisin do Kilian Cawley, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus d'fhoireann uile FCM as a dtiomantas chun réimse éagsúil clár a chur ar fáil i rith na bliana. Agus muid ag amharc chun tosaigh ar 2026, táim muiníneach, trí oibriú le chéile, go leanfaidh muid orainn ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin, ag tacú lenár bpobail, agus ag cruthú deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud Chontae Mhuineacháin.

Mary Mullen
Cathaoirleach, CLG Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tuarascáil

Kilian Cawley

Is pribhléid agus onóir é mo chéad Thuarascáil Bhliantúil a chur i láthair mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar CLG Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin (FCM). Ag amharc siar ar éachtaí 2025, is mór é mo mheas ar an mbunchloch láidir a leag mo réamhtheachtaí, Gabriel O'Connell, síos, duine a chuaigh ar scor i rith na bliana tar éis blianta fada de sheirbhís thiomanta a thabhairt do FCM agus d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail i gContae Mhuineacháin.

Tá oidhreacht bhuan fágtha ag ceannaireacht Gabriel, rud a chuidigh linn eagraíocht nuálach a bhfuil meas uirthi a dhéanamh as FCM sa lá atá inniu ann. Thar ceann an Bhoird, na foirne agus na bpáirtithe leasmhara, gabhaim buíochas ó chroí leis as a thiomantas, a fhís agus a dhúthracht, agus guím sonas agus dea-shláinte air agus é ar scor.

Leagann an tuarascáil seo béim ar fhairsinge obair FCM le linn 2025 agus ar an tionchar leanúnach atá ag ár gcláir maidir le tacú le daoine aonair, le teaghlaigh, le pobail agus le gnólachtaí ar fud Chontae Mhuineacháin. Tá ár gcroíchláir, an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), LEADER, agus an tSeirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil (SFCÁ), lárnach inár gcuid oibre agus ag an am céanna cuireann siad ar ár gcumas tionscnaimh chomhlántacha a fhorbairt a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla atá ag teacht chun cinn.

Ach oiread le haon Chuideachta Forbartha Áitiúil eile, níl an dara rogha ag FCM ach leanúint air ag feidhmiú i dtimpeallacht ina mbíonn éiginnteacht ann maidir le cathain a gheofar cláir atá maoinithe go poiblí. Dá mbeadh níos mó cinnteachta ann maidir le cláir, neartódh sé seo cumas na heagraíochta agus seachadadh seirbhísí áitiúla araon, rud a chinnteodh go leanfadh de thacaíochtaí ardchaighdeáin a thabhairt do phobail. Agus an Rialtas níos mó agus níos mó ar an eolas faoi cé chomh tábhachtach is atá forbairt chomhtháite áitiúil, tá sé tábhachtach go bhfanfadh struchtúir seasmhacha seachadta i bhfeidhm chun freastal go héifeachtach ar riachtanais áitiúla.

Le linn 2025, chuir ár bhFoireann Forbartha Pobail tacaíochtaí ardchaighdeáin ar fáil trí SICAP agus ag an am céanna neartaigh siad comhpháirtíochtaí le FSS agus le gníomhaireachtaí eile. Leanadh de chláir leithéidí Tacaíochtaí Sláinte do Sheandaoine, Béilí ar Rothaí, Tacaíochtaí Sláinte Idirchultúrtha, Tionscnaimh Sláinte don Lucht Siúil agus Tuismitheoireacht

Mhuineacháin a reáchtáil agus chuaigh siad go mór chun tairbhe do dhaoine aonair agus do theaghlaigh leochaileacha. Bhí lámh ghníomhach ag FCM i gcomhoibriú trasteorann freisin agus tionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn á n-úsáid aige chuige sin.

Ba chúis sásaimh dúinn leanúint de mhaoiniú Alt 39 de chuid FSS a riar ar eagraíochtaí pobail a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha áitiúla, lena n-áirítear béilí ar rothaí agus cláir folláine do dhaoine atá ag dul anonn in aois.
Tá ról ríthábhachtach ag na grúpaí seo maidir le huaigneas a laghdú, folláine a chur chun cinn agus tacú le cuid de na daoine is leochailí inár bpobail.

Lean ár Seirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil ag cur tacaíocht phearsantaithe ar fáil do dhaoine a bhí ag lorg deiseanna fostaíochta, oideachais agus oiliúna. Chinntigh gairmiúlacht agus tiomantas na foirne go bhfuair na rannpháirtithe seirbhís ardchaighdeáin agus go raibh toradh fónta ar an méid a rinneadh.

Tháinig borradh suntasach faoin gClár LEADER le linn 2025 tar éis é a sheoladh an bhliain roimhe sin. Bhí éileamh láidir ar mhaoiniú i gcónaí, rud a léiríonn an uaillmhian agus an nuálaíocht atá sna pobail, sna grúpaí deonacha agus sna gnólachtaí tuaithe i gContae Mhuineacháin. Tá muid ag tnúth le tacú le tionscadail a chuirfidh le forbairt inbhuanaithe tuaithe agus le fostaíocht sna blianta amach romhainn.

Cloch mhíle thábhachtach eile ab ea Oifigeach Áineasa Tuaithe Chontae Mhuineacháin a cheapadh, a thosaigh ag obair go luath in 2025. Cabhróidh an ról seo le conairí siúil agus bonneagar aeraíochta an chontae a fheabhsú, ag tacú le turasóireacht tuaithe, folláine pobail agus deiseanna áineasa do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.

Lean an FCM ar aghaidh ag tacú le pobail tríd an Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) agus trí TÚS, ag cur fórsa saothair luachmhar ar fáil a chuireann ar chumas eagraíochtaí pobail réimse leathan seirbhísí agus gníomhaíochtaí áitiúla a sholáthar.
Idir an dá linn, lean ár nIonad d'Oibrithe Deonacha ag cur obair dheonach chun cinn agus ag tacú leis faoin Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta, agus rinneadh ceiliúradh ar an obair iontach a rinne oibrithe deonacha ar fud Mhuineacháin ag Gradaim Oibrithe Deonacha an Chontae.

Ní bheimis in ann na héachtaí seo a bhaint amach i rith 2025 gan tiomantas, gairmiúlacht agus díograis ár bhfoirne. Cinntíonn an tiomantas atá acu don saol a fheabhsú agus do dheiseanna a chruthú go bhfuil ár misean chun tacú le fás, cuimsiú agus deiseanna fós i gcroílár gach a ndéanann muid. Is léir ón gcreidiúnú cáilíochta comhartha Q a fuaireamar a thiomantas agus atáimid don fheabhas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gCathaoirleach, Mary Mullen, agus lenár mBord Stiúrthóirí deonacha as a dtreoir, a dtacaíocht agus a dtiomantas i rith na bliana. A bhuí lena gceannaireacht, leantar de rialachas agus de threo straitéiseach FCM a neartú.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas ó chroí lenár maoinitheoirí, comhpháirtithe agus eagraíochtaí pobail. Agus muid ag baint leas as comhoibriú, uaillmhian agus muinín as a chéile, leanann muid orainn ag baint torthaí fiúntacha buana amach do mhuintir Chontae Mhuineacháin. Táim ag tnúth le forbairt a dhéanamh ar na héachtaí seo agus muid ag obair le chéile chun pobail níos láidre, níos cuimsithí agus níos athléimní a chruthú.

Kilian Cawley
CEO

Fúinn

Is cuideachta forbartha áitiúil é CTR Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin. Cuireann forbairt áitiúil idirghabhálacha comhtháite ón mbun aníos chun cinn atá bunaithe sa cheantar, chun aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht fhadtéarmach, imeallú eacnamaíoch agus eisiamh sóisialta. Agus an meon seo i bhfeidhm, tuigtear go mbíonn saincheisteanna eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha fite fuaite lena chéile nuair atáthar ag obair i dtreo fás inbhuanaithe ionchuimsitheach agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach. Tacaíonn CTR Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin le pobail, daoine aonair, teaghlaigh agus gnólachtaí beaga i gContae Mhuineacháin agus i gContae an Chabháin.

Bhainistigh CTR Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin na Cláir agus na Seirbhísí seo a leanas in 2025:

- Tionscadal um Cheangail Pobail
- Tionscnamh Pobail um Shocrúcháin Oibre (TÚS)
- Tacaíocht Idirchultúrtha FSS
- Clár Tacaíochta FSS do Dhaoine atá ag dul anonn in aois (Béilí ar Rothaí)
- Tionscadal Cúraim Sláinte FFS don Lucht Siúil (THCP)
- Tionscadal Tuismitheoireachta IFI
- Clár LEADER
- Seirbhísí Fostaíochta Ceantair Áitiúil (SFCÁ)
- Tacaíocht do dhaoine a tháinig chun na tíre seo le déanaí
- Tuismitheoireacht Mhuineacháin
- Scéim na Siúlóidí agus Áineasa Tuaithe
- Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS)
- An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)

Some of MIDL Staff Team

Struchtúr na **Cuideachta**



Ár **bhFís**

"Muineachán **níos sláintiúla**, **níos glaise**, **níos cuimsithí** agus **níos fiontraí** ina **dtacaítear** le daoine barr a **gcumais** a bhaint amach"

Ár **Misean**

"Muineachán a fhorbairt mar áit bhríomhar inar féidir linn uilig éirí linn sa saol agus a bhrath gurb é an áit is dual dúinn"

Spriocanna **Forbartha Inbhuanaithe**

Le linn ár gcuid oibre ar fad, tá muid ar an eolas faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus déanann muid iarracht cur leo

Ár **Stiúrthóirí**

Feidhmíonn ár mBord le trédhearcacht agus le cuntasacht. Ar an gcaoi sin cinntíonn siad go mbaintear na caighdeáin rialachais agus an t-iompar eiticiúil is airde amach. Glacann muid páirt ghníomhach i seisiúin phleanála straitéisí, déanann muid meastóireacht ar thionscnaimh, agus cuireann muid treoir fhíorluachmhar ar fáil dár bhfoireann thiomanta, ag cothú timpeallacht nuálaíochta agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar thionchar.

Sa ró deiridh, ó chlé go deas:
Collette Deeney, Hugh O'Reilly, Orla Nuggent, Fiona McCaffrey Jones, Daniel Hawthorne, Deirdre Byrne, Bernadine Lynch, Jane McConnon, Tommy Duffy.

Sa chéad ró, ó chlé go deas:
Alice Forde, Mary Mullen, Kilian Cawley CEO, Kathleen Ward, Carol McGeough.

As láthair ón ngrianghraf:
Barry McCarron, Edel Treanor, Gerry McMahon, Gretta McCarron, Irene Ward, Michael Halton, Sunday Abel.

Ár dTorthaí 2025

€2.9m

Maoiniú a Infheistíodh go Díreach i Muineachán

2399

Daoine aonair a fuair Tacaíocht Duine le Duine

317

Socrúchán d'Oibrithe Deonacha

166

Daoine aonair a fuair tacaíocht chun éirí ina bhfostaí nó ina nduine féinfhostaithe

660

Uaireanta Deonacha a rinne an Bord & Coiste Meastóireachta LEADER

220

Pobal agus Deonach Grúpaí ar tugadh tacaíocht dóibh

123

Gnólachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh (Gnólachtaí Nuathionscanta, Gnólachtaí atá ann Cheana féin agus Fiontair Shóisialta)

1246

Daoine aonair a fuair tacaíocht chun dul isteach san Oideachas, san Oiliúint, san Fhoghlaim ar feadh an tSaoil

137,904

Uaireanta a chaith Rannpháirtithe Tús & RSS ag Obair sa Phobal

Ár Maoinitheoirí agus **Comhpháirtithe**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

Arna chomhchistiú ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Co-funded by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

pobal
government supporting communities

Có-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

SICAP
Social Inclusion & Community Activation Programme

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Aitiúil Mhuineacháin
Monaghan Local Community Development Committee

Fáilte Ireland

CYPSC
Children & Young People's Services Committees
Monaghan

Intreo | Partner
Seirbhísí Fostaíochta
Employment Services

cmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Cavan and Monaghan Education and Training Board

HSE

International Fund for Ireland

Dúthaigh agus Dícheall
Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

Local Development Companies Network
Collective Vision, Fairer Society.

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Monaghan Volunteer Centre
Ionad d'Obair Dheonach Muineacháin

Teacht isteach 2025 De réir an Chláir



RIALACHAS

Tá Bord FCM tiomanta go daingean i gcónaí do cheannaireacht, cuntasacht agus trédhearcacht láidir. Tá córais agus próisis chuimsitheacha i bhfeidhm chun tacú le rialachas freagrach agus éifeachtach.
In 2025, bhí sé chruinniú ag an mBord chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha straitéiseacha, oibríochta agus comhlíonta agus iad a chur chun cinn.

Ghlac comhaltaí Boird páirt freisin i gcruinnithe fochoistí um Chuimsiú Sóisialta agus Folláine; Fostaíocht; Forbairt Tuaithe; agus Iniúchadh, Airgeadas & Rialachas. Cloíonn an Bord go hiomlán leis an gCód um Rialachas Carthanachtaí i gcónaí. Is léir uaidh sin a thiomanta agus atá siad do chaighdeáin arda maoirseachta agus rialachais a choinneáil.

Maoiniú ó **Chomhlacht Rialtais**

2025



An dóigh ar thacaigh maoiniú le gníomhaíochtaí **forbartha áitiúla**

Stiúir Clár **€2.88M**

Ginearálta Forchostas **€594K**

Plean straitéiseach 2024-2028

Chun ár bPlean Straitéiseach 2024–2028 a fhorbairt, rinneadh próiseas fairsing comhairliúcháin a raibh cliaint, pobail, maoinitheoirí, comhpháirtithe, an Bord agus an fhoireann páirteach ann. Leagtar amach ann ár bpríomhthosaíochtaí agus le sonrú ann tá na luachanna a threoraíonn ár gcuid oibre. Stiúrfaidh an plean ár n-iarrachtaí go ceann roinnt blianta eile, rud a chuirfidh ar ár gcumas fanacht solúbtha agus fanacht dílis dár misean: tacú le grúpaí áitiúla, le daoine aonair agus le fiontair trí chláir a mhaoinítear go poiblí. Tá an plean iomlán ar fáil ar ár suíomh gréasáin.



Forbairt Pobail + Beogacht

Tacú leis an earnáil phobail agus dheonach agus cumhacht a thabhairt dóibh, agus cinntiú gur féidir teacht ar sheirbhísí i mbailte agus i bpobail ar fud Chontae Mhuineacháin.

Daoine

Tacú le daoine barr a gcumais a bhaint amach sa saol ar bhealach a leagann béim mhór ar oideachas agus ar fhostaíocht, rud a chuirfidh le Contae Mhuineacháin a dhéanamh sláintiúil agus rathúil.

Comhshaol

Cláir agus tionscnaimh a chur ar siúl chun obair dhearfach réamhghníomhach a dhéanamh i dtreo Contae Mhuineacháin a dhéanamh níos comhfhiosaí i leith na timpeallachta, níos inbhuanaithe agus níos bithéagsúla.

Forbairt Eagraíochta

Tacú leis an earnáil phobail agus dheonach agus cumhacht a thabhairt dóibh, agus a chinntiú gur féidir teacht ar sheirbhísí i mbailte agus i bpobail ar fud Chontae Mhuineacháin.

Fiontraíocht + Forbairt Eacnamaíochta a spreagadh

Tacú le hearnáil láidir inbhuanaithe gnó agus fiontraíochta sóisialta ar fud Chontae Mhuineacháin.

LEADER
Clár

Maoinithe ag an AE agus ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

Is é an AE agus Rialtas na hÉireann a mhaoiníonn an clár LEADER agus is ann dó chun ceantair thuaithe a fhorbairt go sóisialta agus go heacnamaíoch. Cuireann an clár treoir, tacaíocht agus deontais ar fáil do ghnólachtaí áitiúla agus do ghrúpaí pobail agus díríonn sé ar thrí théama; Forbairt Eacnamaíoch agus Cruthú Post, Bonneagar Tuaithe agus Cuimsiú Sóisialta agus Forbairt Inbhuanaithe na Timpeallachta faoin Tuath.

Ba bhliain ghnóthach í 2025 agus Clár LEADER 2023 – 2027 ag dul ó neart go neart. Dhírigh an fhoireann ar acmhainn a fhorbairt i ngrúpaí pobail, i ndaoine aonair agus i ngnólachtaí agus ar thacaíocht a thabhairt le hiarratais LEADER. In 2025 críochnaíodh roinnt tionscadal agus tarraingíodh anuas cistí faoin gclár den chéad uair.

I mí an Mhárta, d'óstáil FCM comhaltaí Boird agus baill foirne ó LEADER JyväsRiihi LAG san Fhionlainn. Chaith an grúpa 4 lá in Éirinn agus thug siad cuairt ar roinnt tionscadail áitiúla maoinithe ag LEADER, lena n-áirítear Mol Bia Bhéal Átha Beithe, Ionad Pobail agus Conair Shiúil Dhúthamhlachta, Grúdlann an Bhreithimh, Ionad Oideachais Comhshaoil Chnoc na gCnámh agus Síolta Chroí. Deis iontach a bhí ann don dá LAG [Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta] foghlaim óna chéile agus taithí a roinnt.

LAG JyväsRiihi ar a gcuairt ar Ionad Oideachais Comhshaoil Chnoc na gCnámh.

Ba in 2025 freisin a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn céimneach faoin gclár LEADER na chéad tionscadail inmheánacha FCM. Bhí an Tionscadal Oiliúna "Tosaigh do Ghnó Turasóireachta Féin" ar siúl i gcomhar le hOifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin. Fuair an cúrsa oiliúna seo, a raibh meantóireacht mar chuid de, aiseolas an-dearfach ó na fiontraithe turasóireachta a ghlac páirt ann.

Rannpháirtithe ar an gcúrsa.

Tionscadail a tugadh chun críche in 2025 faoi Chlár LEADER 2023-2027

In 2025 rinneadh na chéad íocaíochtaí tionscadail faoin gclár 2023-2027. Áiríodh leis na híocaíochtaí seo íocaíochtaí do thionscadail a críochnaíodh go hiomlán agus íocaíochtaí céime do thionscadail chun cabhrú le sreabhadh airgid. Áiríodh leis an íocaíocht in 2025 bonneagar pobail, trealamh tionsclaíoch a cheannach, bonneagar fiontair agus trealamh le haghaidh tionscadal cultúrtha agus ealaíon.

Is comhlacht léiriúcháin é **Ceol Connected** atá lonnaithe i Muineachán, a chruthaíonn saothar ealaíne ar ardchaighdeán do lucht féachana óg agus a fhaigheann spreagadh agus ábhair iontais ó réimse na n-ealaíon traidisiúnta. Tá siad an-dáiríre faoin bhfreagracht atá orthu seónna ardchaighdeáin a chur i láthair do lucht féachana óg. Cuireann siad léiriúcháin ar stáitse in amharclanna, scoileanna agus foirgnimh phobail. Mí na Nollag anuraidh, tugadh páirtmhaoiniú dóibh chun píopaí, cuirtíní agus soilse amharclainne gluaisteacha a cheannach lena chinntiú go mbeidh gach duine in ann sult a bhaint as na léiriúcháin ina n-iomláine, fiú in ionaid nár nós a leithéid de léiriúcháin a chur ar siúl iontu go dtí seo – in ionad pobail, scoileanna agus ag féilte, cuir i gcás.

Cuireann **Ionad an Fhéinics** i gCarraig Mhachaire Rois áis ríthábhachtach pobail ar fáil do mhuintir Charraig Mhachaire Rois agus níos faide i gcéin. Is minic a reáchtálann siad imeachtaí réigiúnacha spóirt ina halla spóirt agus tháinig siad chuig LEADER le cuidiú a fháil chun suíocháin fargáin srathacha agus soghluaiste a cheannach chun eispéireas an lucht féachana do na himeachtaí seo a fheabhsú, an t-urlár spóirt a chosaint agus an t-am is gá chun an láthair a réiteach d'imeachtaí a laghdú.

Príomhthorthaí **LEADER in 2025**

Ceadaíodh €1,092,462.08 le haghaidh 21 tionscadal faoin gclár LEADER 2023-2027.

Íocadh €351,819.15 le tionscadail nuair a críochnaíodh iad.

Seirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil **Seirbhís**

Intreo | Partner — Seirbhísí Fostaíochta Employment Services

Maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a mhaoiníonn Seirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil Mhuineacháin. Soláthraíonn Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin (FCM) i gcomhpháirtíocht le Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin (CCLD) an tSeirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil Cuid 4 a chuimsíonn Contae Mhuineacháin & Contae an Chabháin. Is í príomhaidhm na seirbhíse tacaíocht a thabhairt do chuardaitheoirí poist atá dífhostaithe go fadtéarmach chun obair bhuan lánaimseartha a fháil.
Déanann SFCÁ speisialtóireacht i dtacú le cuardaitheoirí poist atá dífhostaithe go fadtéarmach agus aghaidh a thabhairt ar chonstaicí ar fhostaíocht. Cuireann muid cineálacha cur chuige saincheaptha ar fáil maidir le huasoiliúint, oiliúint, roghanna oideachais, agus cuardaitheoirí poist a ullmhú don mhargadh fostaíochta oscailte. Tá 3 phríomhoifig ag SFCÁ i mBaile Mhuineacháin, Carraig Mhachaire Rois agus Baile an Chabháin. Chomh maith leis sin, cuireann muid an tseirbhís ar fáil in ionaid for-rochtana ar nós Béal Átha Conaill, Coill an Chollaigh agus Muinchille i gContae an Chabháin agus Baile na Lorgan agus Cluain Eois i gContae Mhuineacháin.

Grúpa nua Gníomhachtúcháin LAES

Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí tar éis spriocghrúpa nua a chur faoi chúram na seirbhíse SFCÁ, iad siúd a fhaigheann socrú idirthréimhseach Liúntas Cuardaitheora Poist. Is iad seo daoine ag tuismitheoireacht leo féin agus a bhfuil a leanbh is óige idir 7 agus 13 bliana d'aois.

Tacóidh an tseirbhís SFCÁ le cliaint JST le treoir agus forbairt roimh an aistriú ó íocaíocht JST go dtí íocaíocht cuardaitheora poist nuair a bheidh an leanbh is óige acu 14 bliana d'aois. Ó Mheán Fómhair go Nollaig 2025, fuair muid 71 cliant JST agus ba i gContae Mhuineacháin a bhí 37 acu agus an 34 eile i gContae an Chabháin.
Ar na cineálacha tacaíochta a fuarthas ó SFCÁ bhí Tuismitheoireacht Mhuineacháin FCM, SICAP amhail oiliúint saoil, ceachtanna tiomána agus obair dheonach mar aon le atreoruithe chuig CMETB le haghaidh uasoiliúna agus ullmhúcháin chun filleadh ar an obair amach anseo.

LAES staff Training and Development 2025

D'fhreastail gach ball foirne SFCÁ ar oiliúint sa chaoi le déileáil le hiompar dúshlánach (arbh é Team Teach a chuir i láthair í). Cuireadh oiliúint ar Lesley Donnelly, Teresa McCahey, Dominique Ward & Anne McCague mar ionadaithe sábháilteachta agus garchabhróirí.
Chríochnaigh Una Coyle oiliúint athnuachana iniúchóirí inmheánacha maidir le caighdeán cáilíochta EIQA.
D'éirigh le cásoibrithe Anne Treanor, Eileen Murphy & Linda Bolger a leibhéal 7 i gCóitseáil Gairme a chríochnú agus rinne siad ceiliúradh ar lá a gcéime in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Gníomhaíochtaí Breise

Chuir FCM tuarascáil mhionsonraithe isteach ar a bhfuil foghlamtha acu ó LAES, a úsáidfear i bpróiseas comhairliúcháin Indecon a dhéanfaidh athbhreithniú ar an tseirbhís LAES. Rinneadh ball den fhoireann LAES Aisling Murray i lár 2025 agus í ag obair mar Chásoibrí leo. D'fhreastail Ceannaire Foirne LAES Una Coyle ar chomhdháil Líonra na gCuideachtaí Forbartha Áitiúla inar leagadh béim ar an tairbhe agus ar an méid atá bainte amach ag obair chomhtháite.

Rural Revive

D'éirigh leis an aighneacht Rural Revive chuig Tionscnamh Nuálaíochta Sóisialta CSE+ agus cuireadh tús leis an gcéim bhunaithe i mí Mheán Fómhair agus mairfidh sé go ceann 36 mí. Is é aidhm Rural Revive a chur ar chumas cuardaitheoirí poist atá dífhostaithe go fadtéarmach i bpobail thuaithe agus atá 45 bliain d'aois nó níos sine fanacht i bhfostaíocht ach fóirdheontas pá a thabhairt d'fhostóirí ar feadh 12 mhí. I measc na gcomhpháirtithe tá Future in Perspective, FCM, CCLD in Éirinn agus Cumann Tráchtála & Tionscail Heraklion agus Oiliúint agus Forbairt Ploigos sa Ghréig. Cuireadh tús le Rural Revive lena chéad chruinniú idirnáisiúnta in Éirinn i mí na Samhna 2025. Fostóidh FCM Oifigeach Tacaíochta Fostaíochta, agus cuirfear tús leis an gcéad chéim de shocrúcháin phoist i mí Mheán Fómhair 2026.

RuralRevive
Reviving Local Rural Employment Through Decent Work

Príomhthorthaí **LAES do 2025**

D'fhreastail 970 cuardaitheoir poist atá dífhostaithe go fadtéarmach ar chruinnithe tosaigh duine le duine agus d'fhorbair 968 cuardaitheoir poist cásbhainistithe Plean Pearsanta um Dhul Chun Cinn, agus d'fhreastail siad ar chruinnithe míosúla SFCÁ (is féidir cliaint a tugadh ar aghaidh nó ar pléadh leo arís tar éis roinnt blianta a bheith san áireamh leis seo).

Fuair 81 cuardaitheoir poist fostaíocht lánaimseartha a mhair níos faide ná 17 seachtaine agus bhog 106 cuardaitheoir poist isteach i gcineálacha éagsúla fostaíochta leithéid lánaimseartha, páirtaimseartha agus féinfhostaithe le linn 2025.

Ba é líon na gcuardaitheoirí poist nua dífhostaithe go fadtéarmach a atreoraíodh ná 1,042 (550 acu i gContae Mhuineacháin & 492 i gContae an Chabháin).

Bhí 96% de chliaint SFCÁ sásta le seirbhís.

An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus **Gníomhachtú Pobail**

Social Inclusion & Community Activation Programme

Far í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a mhaoiníonn é

Cabhraíonn an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) le daoine agus le pobail atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin shóisialta agus eacnamaíocha. Is é sprioc SICAP a chinntiú go bhfuil seans cothrom ag gach duine sa saol. Cuidíonn sé le daoine a gcuid scileanna agus féinmhuiníne a neartú ionas gur féidir leo a saol a fheabhsú. Oibríonn an clár le pobail áitiúla freisin chun tuiscint a fháil ar a bhfuil de dhíth orthu agus cuireann sé tacaíocht ar fáil bunaithe ar na riachtanais sin. Téann foireann SICAP i dteagmháil le daoine agus le pobail ar a leibhéal féin, ag cur ar a gcumas deacrachtaí a shárú agus ag tacú leo an saol a fheabhsú dóibh féin agus dá bpobal amach anseo.

Oiliúint i nDífhibrileoir a Úsáid i gCoill an Ghabhann

Tacú le hEastáit faoi Mhíbhuntáiste

In 2025, chríochnaigh SICAP Pleananna Pobail le haghaidh:

· Eastát Gharrán na Feá i gCluain Eois
·Eastáit Loc Mór & Chorr Uí Bhraonáin i mBéal Átha Beithe.
·Eastáit Ard na Lorgain agus Loch na Glaice i gCarraig Mhachaire Rois.
· Eastát Choill an Ghabhann i Muineachán.

Rinneadh obair i ngach ceantar i réimsí leithéid seo:
·Cruinnithe le háitritheoirí/grúpaí áitritheoirí chun tacú leo Ceistneoirí Pobail a thabhairt amach.
·Anailís ar cheistneoirí agus dréacht-tuarascálacha a chur le chéile.
·Ceardlanna aiseolais le hionadaithe áitritheoirí ar dhréachtphleananna.
·Pleananna 3 Bliana a chríochnú agus a sheoladh do gach ceantar.

Seoladh Phlean Pobail 3 Bliana Chorr Uí Bhraonáin & Chúl Uí Bhraonáin

Chomh maith leis sin, tharla na gníomhaíochtaí seo a leanas;

·Críochnaíodh Lá Glanta Pobail in eastát Loch na Glaice i gcomhar le hIonad d'Oibrithe Deonacha Mhuineacháin.
·Toghadh 2 Choiste Áitritheoirí nua in eastáit Ard na Lorgain agus Loch na Glaice, éascaíodh CGB agus clárú le PPN.
·Reáchtáladh Imeachtaí na Nollag in Ard na Lorgain agus Loch na Glaice
·Éascaíodh grúpa Choill an Ghabhann chun teacht le chéile ag Monaghan Harps go míosúil toisc nach bhfuil foirgneamh pobail ar fáil i gCoill an Ghabhann.
·Reáchtáladh Lá Spraoi do theaghlaigh i mí Mheán Fómhair i gcomhar le Foróige ar an bhfaiche in Ard na Gleann.
· Éascaíodh CGB.
·Éascaíodh grúpa chun oiliúint in úsáid dífhibrileora a chur ar siúl. D'éirigh leis an ngrúpa iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú Crannchur Náisiúnta FSS le haghaidh dífhibrileora atá anois ar bhalla seachtrach an tsiopa sa cheantar.

Seoladh Phlean Pobail Choill an Ghabhann

Ceann de na 50 gnólacht nuathionscanta ar tugadh tacaíocht dóibh in 2025

Gnó a thosú chun todhchaí níos fearr a chothú

Ceann de phríomhláidreachtaí SICAP ná an cumas atá aige tacú le daoine dífhostaithe go fadtéarmach gnó dá gcuid féin a thosú. Sa chlár
2018-2023, tugadh tacaíocht do 310 duine le bheith féinfhostaithe. Bhí beagnach 70% fós ag trádáil tar éis 2 bhliain.

Príomhláidreacht de chuid SICAP is ea an caidreamh láidir idir an fhoireann agus na cliaint, roimh, le linn agus tar éis don ghnó tosú ag trádáil.

In ainneoin an laghdaithe ar an gclár beo, chuaigh 50 duine dífhostaithe ar aghaidh le bheith féinfhostaithe in 2025. Tacaíodh leis na daoine seo ag gach céim a bhain lena ngnó a thabhairt chun críche, lena n-áirítear Pleanáil le haghaidh Oiliúna Féinfhostaíochta, Ceardlann Athléimneachta, a bplean gnó a chríochnú, clárú cánach ioncaim, ainm an ghnó a chlárú agus iarratas BTWEA/STEA.

Ar na daoine a chuir gnólachtaí nuathionscanta ar bun b'fhir iad 24 duine acu (48%) agus ba mhná iad an 26 duine eile (52%). Chríochnaigh 20 Úcránach cúrsa oiliúna ar leith um Pleanáil Teanga d'Fhéinfhostaíocht.

"Ba a bhuí leis an tacaíocht, treoir agus cluas éisteachta a thug sibh a chuaigh mé i mbun mo ghnólachta féin i mbliana. Nach iontach an fhoireann atá agaibh. Míle buíochas leat go deo!"

"Go raibh maith agaibh as a chreidiúint go n-éireodh le mo phlean gnó agus as an treoir agus an an gcuidiú ar fad a thug sibh dom. Táim buíoch as an gcuidiú ar fad a fuair mé agus mhol mé thú do go leor daoine atá ag smaoineamh ar a ngnó féin a thosú"

Príomhthorthaí **SICAP do 2025**

Tacaíodh le 37 eagraíocht pobail, lena n-áirítear 7 bhFiontar Sóisialta agus 2 Líonra.

Tacaíodh le 383 duine aonair.

Fuair 10 n-eagraíocht pobail deontais arbh fhiú €19,553 san iomlán iad.

Tacaíodh le cúigear fostaíocht a fháil, le 50 éirí féinfhostaithe agus atreoraíodh 56 duine chuig seirbhísí eile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine aonair.

Chuidigh 3 ghníomhaíocht do pháistí & teaghlaigh le 962 duine óg a thabhairt isteach.

Fuair 99 duine deontais foghlama Life Long arbh fhiú €32,566 san iomlán iad.

Thug 21 gníomhaíocht neamh-chásanna 1039 duine isteach.

Tionscadal Ceangail Pobail

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

Arb iad an AE agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a mhaoiníonn é

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (DRCDG) a mhaoiníonn an Tionscadal Ceangail Pobail agus fostaítear Oibrí Ceangail Pobail (CLW) faoina scáth. Is é an cuspóir atá leis ná imeascadh pobail a neartú, cuimsiú a chur chun cinn agus dea-chaidreamh a chothú idir cónaitheoirí atá ann cheana agus pobail nua i gCluain Eois agus i mBaile an Chabháin. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal dúshláin áitiúla a aithint, muintearas a chothú sa phobal, agus tacú le comhtháthú sóisialta. Is comhoibriú é le Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin (CCLD).

Príomhghníomhaíochtaí agus Éachtaí

Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht Pobail

Cuireadh tús leis an CLW i mí Aibreáin 2025. Díríodh go mór ag an tús ar chaidreamh a bhunú le daoine áitiúla agus le grúpaí pobail. Rinneadh comhairliúchán le 46 grúpa ar fud Chluain Eois (22) agus an Chabháin (24), lena n-áirítear grúpaí óige, eagraíochtaí míchumais, grúpaí den Lucht Siúil, cumainn áitritheoirí, scoileanna, eagraíochtaí creideamh-bhunaithe, soláthraithe spóirt, Botháin na bhFear agus na mBan, iarphríosúnaigh agus grúpaí ilchultúrtha.

Úsáideadh comhairliúcháin i bpearsa agus suirbhéanna ar líne chun aiseolas a bhailiú ar thaithí daoine ó thaobh imeasctha de , ar dhúshláin, ar bhearnaí i seirbhísí, agus ar riachtanais an phobail i dtaca le tacaíochtaí de. Chuir na torthaí le heolas iad siúd a bhí i mbun tionscnaimh forbartha pobail a dhéanamh sa tionscadal.

Feasacht ar eolas míchruinn

Chuir an CLW ceardlanna faoi mhífhaisnéis/bréagaisnéis ar siúl do 90 rannpháirtí, lena n-áirítear baill den Fhoghrúpa Comhionannais. Bhí sé mar aidhm ag na ceardlanna seo cur le tuiscint daoine ar mhífhaisnéis agus idirphlé eolasach a spreagadh i measc an phobail.



Tionscadail Forbartha Pobail

Tacaíodh le roinnt tionscnamh faoi stiúir an phobail le linn na tréimhse tuairiscithe:

Tionscadal Ghairdín Pobail Chluain Eois

Plé le muintir na háite agus le húdaráis áitiúla chun gairdín pobail a bhunú. Léirigh an pobal spéis mhór ann agus tá pleanáil idir lámha.

Podchraoladh Phobal an Chabháin

Tugadh maoiniú chun trealamh a cheannach chun tacú le comhoibriú le Cavan Connects chun podchraoladh a fhorbairt a dhíreoidh ar fheasacht ar eolas míchruinn agus ar eolas faoi thacaíocht pobail a fhorbairt.

Kitchen Connects an Chabháin

Forbraíodh tionscnamh folláine agus imeasctha a úsáideann bia, cultúr agus gníomhaíochtaí sláintiúla pobail chun mná a thabhairt le chéile.

Feachtais Eolais agus Feasachta Pobail

- Forbraíodh bileog eolais *"Pathways to Ireland"* do Sheachtain um Ionchuimsiú Sóisialta 2025. Leis an mbileog seo féachtar le teanga mheasúil a chur chun cinn agus cur in aghaidh mífhaisnéise faoi imircigh.
- Bileoga eolais tacaíochta a chruthú agus a thabhairt amach (trí CCLD agus FCM) ina leagtar béim ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí atá ar fáil do gach ball den phobal.

Tionscnaimh Imeasctha Óige

Forbraíodh comhpháirtíochtaí le Lárionad Ilchultúrtha an Chabháin agus Future in Perspective (FIP) chun cláir feasachta cultúrtha agus imeasctha a chur ar bun d'imircigh óga agus do dhaoine óga de bhunadh na háite. Áirítear leis seo clár foghlama agus imeasctha dhá bhliain agus fócasghrúpa a bhunú don Tionscadal Eorpach Kaleidoscope.

Oideachas Pobail agus Feasacht Chultúrtha

Thacaigh an CLW le roinnt tionscnamh oideachais agus cultúrtha lena n-áirítear:

- Tionscadal um Oiliúint ar Fheasacht Chultúrtha a Chur ar Cheannairí Pobail a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an bhFoireann Imeasctha Dea-Chaidrimh i bhFear Manach, rud a neartóidh comhoibriú trasteorann agus cumas ceannaireachta.
- Comhoibriú le Leabharlann Chluain Eois agus Áiteanna Tearmainn chun bogadh ar aghaidh i dtreo an chéad Leabharlann Tearmainn riamh i gContae Mhuineacháin a bhunú.
- Scoileanna Tearmainn a phlé le scoileanna sa Chabhán agus i gCluain Eois.
- Taispeántas trasteorann oidhreachta cultúrtha Colours of Culture a eagrú le linn Sheachtain um Ionchuimsiú Sóisialta 2025, lena ndéantar ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht agus ag tacú le cuspóirí cuimsitheachta.



'Colours of Culture'

CROSS-BORDER, CROSS COMMUNITY, CROSS CULTURE EXHIBITION

A celebration of shared cultural heritage showcasing Irish and Highland dancers. This exhibition is part of a programme of Cross Cultural Celebrations funded by The Executive Office District Council Good Relations Programme (DCGRP) and Fermanagh and Omagh District Council to promote greater understanding of cultural heritage in the district. Showcasing the vibrant Irish dance and Highland dance scene, young people pay tribute to their own cultural heritage and show respect to others culture. Photographs with a mixture of traditional costume and a modern twist with casual costume show how both dance forms can adapt to a modern setting and still retain their identity. Photographs shot in locations in both county towns, Crom Estate, Gortin Glens Forest Park and the Ulster American Folk Park were used to showcase the uniqueness of the landscape and the rich cultural heritage of the district.

Clár Tacaíochta do dhaoine a tháinig chun na **tíre seo le déanaí**

New Arrivals Support Programme

Arb í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a mhaoiníonn í
Cuireann an Clár Tacaíochta do dhaoine a tháinig chun na tíre seo le déanaí, a mhaoinítear faoin tionscnamh SICAP, tacaíocht spriocdhírithe ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh a tháinig go Contae Mhuineacháin le déanaí ó thíortha eile, iad siúd atá ag lorg cosanta nó ag iarraidh go n-athlonnófar iad ina measc.

Éascaíonn an clár a n-imeascadh le sochaí na hÉireann trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais riachtanacha amhail cúram sláinte, oideachas, fostaíocht, tithíocht agus cuimsiú pobail. Tugann an clár cúnamh oiriúnaithe agus eagraíonn sé imeachtaí pobalbhunaithe áitiúla chun timpeallacht chuimsitheach thacúil a chothú a chuirfidh ar chumas daoine nuathugtha chun na tíre seo cur fúthu ar bhealach seasmhach neamhthuilleamaíoch sa phobal nua ina bhfuil siad.

Daoine a tháinig chun na tíre le déanaí ag foghlaim faoi stair na hÉireann agus taithí eisimirce.

Príomhthorthaí an Chláir Tacaíochta do **dhaoine nua in 2025**

- Cuireadh tacaíocht ar fáil do dhaoine a tháinig chun na tíre seo le déanaí in 11 áit fhor-rochtana.
- Cuireadh 2 cheardlann scéalta ar siúl Oíche Shamhna agus um Nollaig do 31 rannpháirtí in M-Hotel chun tacú leo a scileanna Béarla a fhorbairt.
- Tacaíodh le 61 duine aonair nua chun dul i mbun gníomhaíochtaí fostaíochta agus oiliúna.
- Ghlac 100 duine ar an meán páirt go seachtainiúil i ranganna comhrá Béarla le Fáilte Isteach.
- Chríochnaigh 20 rannpháirtí ranganna fuála.
- Chríochnaigh 10 nduine oiliúint Safepass agus oiliúint ar láimhsiú sábháilte.
- Chríochnaigh 28 duine ceachtanna tiomána chun soghluaisteacht agus rochtain oibre a fheabhsú.

Tacaíochtaí do dhaoine atá ag dul **anonn in aois Tacaíochtaí**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Arb é an FSS a mhaoiníonn iad

Is comhpháirtíocht é an clár tacaíochta do dhaoine atá ag dul anonn in aois idir FSS agus FCM. Cuireann an clár réimse tacaíochtaí ar fáil do dhaoine atá ag dul anonn in aois inár bpobal, lena n-áirítear tacaíocht do ghrúpaí lae sóisialta agus do ghrúpaí a sholáthraíonn Béilí ar Rothaí ar fud an chontae.

Cuireann na grúpaí seo áis shóisialta fhiúntach ar fáil do go leor seandaoine agus is cabhair iad chun uaigneas a mhaolú. Téann an réimse tacaíochtaí a sholáthraítear chun tairbhe sna pobail agus tacaíonn siad leis na daoine is leochailí chun maireachtáil go neamhspleách agus cairdeas a shnaidhmeadh le daoine eile.

Le cois na mbuntáistí aonair do sheandaoine, tugann an réimse tacaíochtaí atá ar fáil go leor deiseanna do mhuintir na háite obair dheonach a dhéanamh agus faigheann oibrithe deonacha luach saothair éagsúla as. Sheol Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin i gcomhpháirtíocht le Clár Aoisbhá Mhuineacháin agus FSS an Leabhrán Eolais do Sheandaoine ag Ionad Pobail Thigh Damhnata.

Is ionad ilfhreastail é an leabhrán do sheandaoine, dá dteaghlaigh agus cúramóirí chun teacht ar eolas faoi thacaíochtaí agus seirbhísí riachtanacha sa chontae a thacaíonn le seandaoine inár bpobal.

Príomhthorthaí Tacaíochtaí do dhaoine atá ag dul anonn in **aois in 2025**

- €162,440.00 a cuireadh ar fáil trí dheontais - Áirítear leis seo tacaíocht do sheirbhísí Béilí ar Rothaí sa Triúcha agus Cluain Eois.
- Tacaíodh le 16 Sheirbhís Chúraim Lae.
- Cuireadh tacaíochtaí gníomhaíochta ar fáil do Ghrúpaí Sóisialta.
- 30 cliant.
- Eagraíodh imeacht líonraithe FSS do sholáthraithe seirbhíse sa Chabhán agus i Muineachán.
- Tá atreoruithe ag teacht go fóill ó fhoinsí éagsúla; Altraí Sláinte Poiblí, teiripeoirí saothair, daoine den teaghlach, ó na daoine iad féin srl.
- Béilí ar Rothaí - Carraig Mhachaire Rois agus an dúiche mórthimpeall.
- tugadh amach 4888 béile.
- Chuir comhordaitheoir amháin, oibrí SST amháin agus 5 oibrí deonach 1 oibrí RSS agus 5 oibrí deonach.
- 24-28 cliant in aghaidh na seachtaine ar an meán.

Idirchultúrachas **Tacaíochtaí**

Arb é an FSS a mhaoiníonn iad

Is comhpháirtíocht é an Clár Tacaíochtaí Idirchultúrtha idir FSS agus FCM. Cuireann an clár idirghabháil luath ar fáil chun tacú le riachtanais sláinte bhaill nua an phobail (lena n-áirítear Úcránaigh díláithrithe). Ar an gcaoi sin, éascaítear teacht ar sheirbhísí sláinte pobail lasmuigh den ghéarchóras. Oibríonn sé leis an bpobal chun riachtanais ghinearálta sláinte agus folláine a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu chomh maith le tacaíochtaí sonracha le teacht ar chártaí leighis agus fadhbanna ainsealacha a bhainistiú sa phobal.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Rannpháirtithe ag freastal ar sheisiúin gharchabhrach in M-Hotel Charraig Mhachaire Rois agus in áras na seandaoine an Chroí Ró-Naofa i gCluain Eois.

Príomhthorthaí an Chláir Tacaíochta **Idirchultúrtha do 2025**

Cuireadh 2682 tacaíocht ar fáil, 1,462 acu duine le duine, 944 ar an nguthán agus 276 ar ríomhphost, chun cabhrú le cliaint déileáil le fadhbanna Sláinte & Folláine.

Coinní dochtúra, fiaclóra agus ospidéil do chliaint nach bhfuil Béarla acu.

Cuireadh seisiúin gharchabhrach dheimhnithe ar fáil do 31 rannpháirtí i gCarraig Mhachaire Rois agus i gCluain Eois.

Cuireadh eolas ar fáil ar chóras sláinte na hÉireann agus ar an dóigh a n-oibríonn sé.

Ateangaire do choinní fiaclóra agus dochtúra.

Foirmeacha a líonadh don Liúntas Leasa Forlíontach, Liúntas Míchumais agus Sochar Breoiteachta.

Tionscadal **Tuismitheoireachta IFI**

Arb é Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI) a mhaoiníonn é

Thug Tionscadal Tuismitheoireachta an IFI 4 phobal scoile le chéile (2 cheann ó thuaidh, 2 cheann ó theas), iad de bhunadh an dá phobal creidimh (Caitliceach agus Protastúnach) chun na dúshláin a bhaineann le Tuismitheoireacht agus an córas oideachais timpeall cheantar na teorann a fhiosrú.

Féach an tionscadal le:

- Naisc trasphobail/trasteorann a neartú le hé a dhéanamh níos éasca tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha fiúntacha a bhaint amach.
- Scileanna tuismitheora a chothú i réimse réimsí.
- Cur le forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaoine, teaghlach agus pobal uile a bhí páirteach ann.
- Aird a tharraingt ar fhadhbanna polasaí maidir le tuismitheoireacht timpeall cheantar na teorann agus na fadhbanna céanna a réiteach.
- Caidrimh bhuana a shnaidhmeadh go daingean ar bhonn trasteorann.

Ní dheachaigh an tionscadal go díreach mar a bhí muid ag súil leis:

- Chuir ár gcomhpháirtí trasteorann, Parent Focus NI deireadh lena ngnó.
- Aithníodh go raibh gá le naisc trasphobail/trasteorann a neartú in Áth na Cloiche.

I gcomhaontú leis an IFI, aistríodh an bhéim chuig an nglúin níos sine sa phobal agus chuig caidrimh agus naisc thrasphobail a chothú.

Turas líonraithe trasphobail

Cór scoile comhcheangailte ag déanamh siamsaíochta do ghrúpa ag maidin caife do Sheandaoine

Príomhthorthaí Thionscadal **Tuismitheoireachta IFI do 2025**

GLASLOCH
Ghlac 4 scoil agus 40 tuismitheoir páirt ann.

Reáchtáladh ceardlanna drámaíochta le scoileanna agus spreagadh páistí chun dráma a scríobh agus a chur i láthair ar na meáin shóisialta. Cuireadh a ndráma i láthair in Amharclann an Gharáiste i Muineachán, áit nár thug go leor rannpháirtithe ón Tuaisceart cuairt air roimhe seo.

Reáchtáladh maidineacha caifé trasphobail seachtainiúla in Áth na Cloiche agus d'fhreastail 20 seanduine ar an meán orthu.

Tacaíodh le tuismitheoirí ón Tuaisceart a bhfuil páistí le Riachtanais Speisialta acu chun teagmháil a dhéanamh le hIonad Riachtanas Speisialta Aireagail agus tacaíocht a fháil uathu.

Cuireadh réimse gníomhaíochtaí ar fáil chun idirghníomhú trasphobail a spreagadh lena n-áirítear: Pilates, jeighbheáil, ealaín, garchabhair, fuáil & bróidnéireacht ar ghlac níos mó ná 1,000 rannpháirtí iontu.

Cé gur cuireadh na gníomhaíochtaí ar siúl i spásanna nár nós le daoine ón ndá thraidisún dul ann go dtí sin, bhíothas in ann an dá phobal a mhealladh.

Scéim na Siúlóidí agus **Áineasa Tuaithe**

Rural Recreation Officer

Arb í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a mhaoiníonn í

Maoiníonn an DRCDG, le tacaíocht ó Fháilte Éireann, fostú Oifigeach Áineasa Tuaithe trí Chuideachtaí Forbartha Áitiúla ar fud na hÉireann. Cuidíonn an tOifigeach Áineasa Tuaithe le Straitéis Náisiúnta na Fóillíochta faoin Aer a chur i bhfeidhm agus oibríonn sé le pobail áitiúla chun áiseanna tuaithe a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn. Chuige sin, leagtar béim ar chonairí siúil, rothaíochta agus uisce. Riarann an tOifigeach Áineasa Tuaithe Scéim na Siúlóidí, a chuireann íocaíochtaí cothabhála ar fáil do shealbhóirí talún príobháideacha chun cosáin a choinneáil sábháilte agus taitneamhach do shiúlóirí, agus maoiníonn sé ábhar a cheannach chun caoi a choinneáil ar chonairí agus chun bonneagair a uasghrádú. Soláthraíonn sé sruth ioncaim do phobail tuaithe agus spreagann sé turasóireacht agus forbairt eacnamaíoch.

Go dtí Aibreán 2025, bhí Oifigeach amháin ag feidhmiú ar fud an dá chontae, an Cabhán agus Muineachán, agus iad fostaithe ag Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin (CCLD). Tar éis cead a thabhairt do chonair siúil Shlí Mhuineacháin dul isteach i Scéim na Siúlóidí in 2024, d'aontaigh an DRCDG ról nua Oifigeach Áineasa Tuaithe a mhaoiniú laistigh de FCM. Chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil ar Shlí Mhuineacháin, cabhraíonn an tOifigeach Áineasa Tuaithe le grúpaí pobail atá ag lorg maoinithe tríd an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Amuigh Faoin Aer (ORIS) chun tionscnaimh áineasa amuigh faoin aer a fhorbairt agus a fheabhsú ina gceantar féin.

Scéim na Siúlóidí

Slí Mhuineacháin: radharc ar Loch an Rois ó bharr cnoic i gCorr Gharraí

Sábháilteacht Fheabhsaithe ar Shlí Mhuineacháin

Glanadh na comharthaí bealaigh agus cuireadh brat péinte úr orthu. Cuireadh comharthaí sábháilteachta breise isteach ar feadh Shlí Mhuineacháin chun úsáideoirí conairí a chur ar a bhfaichill ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le beostoc agus fálú leictreach, agus chun iompar freagrach a spreagadh faoin tuath.

Comhartha bealaigh ar cuireadh athphéinteáilte ar Shlí Mhuineacháin

Comhartha sábháilteachta nua a cuireadh isteach ag an bpointe rochtana i gCill Mhuire.

Chomhordaigh an tOifigeach Áineasa Tuaithe freisin le Comhairle Contae Mhuineacháin chun dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le sábháilteacht na conaire, lena n-áirítear fásra a ghearradh siar ag bacainn tuairte chun rochtain níos sábháilte a thabhairt ar chuid easbhóthair den chonair ag sráidbhaile Inis Caoin.

Rochtain fheabhsaithe tar éis fál a ghearradh in Inis Caoin.

Imeachtaí Siúlóide Grúpa

Reáchtáladh roinnt imeachtaí siúlóide ar Shlí Mhuineacháin i rith na bliana, rud a chuidigh le rannpháirtíocht amuigh faoin aer a threisiú agus an chonair a chur chun cinn mar cheann scríbe siúlóide. Reáchtáladh iad seo le cuidiú ó oibrithe deonacha ó ghrúpaí siúlóide áitiúla Knockatallon Ramblers agus Blayney Ramblers, agus cuireadh ar siúl iad ag an am céanna le himeachtaí ar nós Sheachtain an Taistil Ghníomhaigh, féile Muckno Mania, Seachtain Her Outdoors, agus an Lá Náisiúnta Siúlóide.

Imeacht Muckno Mania, an 5 Iúil 2025.

Maoiniú ORIS le haghaidh Réamhfhorbairt Chonaire Loch an Chaisleáin

Ar an 14 Lúnasa, d'fhógair an tAire Dara Calleary ón DRCDG maoiniú do 221 tionscadal tríd an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Amuigh faoin Aer. Áiríodh leis seo €49,950 d'iarratas rathúil ar Bheart Forbartha Tionscadail a chuir FCM isteach thar ceann Greenan Coiste Athchóirithe na Croise. Rachaidh an maoiniú i dtreo cosán siúil 2.3km a phleanáil ag Loch an Chaisleáin i Leac Leibhre. Ceapadh an tionscadal le cúnamh ó Oifigeach Uisce Pobail LAWPRO agus is éard atá i gceist leis ná crios maolánach a chruthú idir an loch agus an talamh feirme in aice láimhe, rud a ligfidh do ghnáthóg nádúrtha fás arís feadh an chladaigh agus a nascfaidh le chéile arís coillearnach fhliuch ar dhá thaobh an locha. Thar ceann an Choiste, chuaigh an tOifigeach Áineasa Tuaithe i gcomhairle freisin le NPWS agus le Comhairle Contae Mhuineacháin maidir le cúrsaí éiceolaíochta, bithéagsúlachta agus pleanála.

Oiliúint i mBainistiú Conairí do Ghrúpaí Pobail

Ar an 6 Deireadh Fómhair i gCoill an Chollaigh, Contae an Chabháin, chuir cigirí Spórt Éireann Lasmuigh Ray Linn agus Jeremy Smith Ceardlann Monatóireachta agus Cothabhála Conaire ar fáil d'Eagraíochtaí Bainistíochta Conairí (TMO) agus do ghrúpaí pobail ón gCabhán, Muineachán agus Lú. Cuireadh oiliúint ar ionadaithe ó cheantair lena n-áirítear Cros an Grianáin, Buíochar, Cnoc an tSalainn agus Muinchille i measúnú riosca, pleananna monatóireachta conairí, cothabháil phleanáilte agus fhrithghníomhach, agus cuntas a choinneáil ar na gníomhaíochtaí a dhéantar ar an gconaire.

Príomhthorthaí Scéim na Siúlóidí agus Áineasa **Tuaithe do 2025**

Ceapadh Oifigeach Áineasa Tuaithe lánaimseartha nua do Chontae Mhuineacháin i mí Aibreáin 2025 atá lonnaithe in oifig FCM Bhaile na Lorgan.

Bhí 18 sealbhóir talún feadh Shlí Mhuineacháin ar na chéad shealbhóirí talún i gContae Mhuineacháin le bheith páirteach sa Scéim Siúlóidí náisiúnta.

Na chéad naonúr rannpháirtithe a chláraigh i mí Aibreáin 2025, fuair siad €7,065.48 san iomlán don tréimhse Aibreán-Nollaig 2025, chun 455.25 uair an chloig d'obair chothabhála a dhéanamh feadh 4.085km de chonair.

Tháinig naonúr úinéirí talún eile isteach sa scéim i mí na Samhna 2025, rud a thug líon iomlán na rannpháirtithe go 18 agus fad iomlán na gconairí faoin scéim go 8.2km.

Rinneadh réamhíocaíocht €11,734.83 leis na 18 rannpháirtí seo i mí na Nollag 2025 chun an tréimhse Eanáir-Meitheamh 2026 a chlúdach.

D'éirigh le hiarratas ar €49,950 i maoiniú Beart Forbartha Tionscadal ORIS a cuireadh isteach thar ceann Choiste Athchóirithe Chros an Grianáin chun réamhfhorbairt conairí ag Loch an Chaisleáin a mhaoiniú.

Fuair ionadaithe ó 4 ghrúpa pobail ar fud Chontae Mhuineacháin oiliúint i Monatóireacht agus Cothabháil Conairí faoi stiúir Spórt Éireann Lasmuigh.

Scéim Shóisialta Tuaithe

RSS
Rural Social Scheme

Arb í an Roinn Coimirce Sóisialaí a mhaoiníonn í

Is scéim tacaíochta ioncaim í an Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS) a dearadh chun deiseanna fostaíochta páirtaimseartha ‘lasmuigh den fheirm’ a thairiscint le heagraíochtaí pobail agus deonacha. Tá sé dírithe ar fheirmeoirí, agus i gcásanna áirithe, ar dhaoine dá dteaghlach atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar leith. Oibríonn rannpháirtithe ar an RSS 19.5 uair sa tseachtain agus bíonn clár ama solúbtha ann chun deis a thabhairt dóibh na dualgais fheirmeoireachta atá orthu a dhéanamh. Tá na róil éagsúil agus díríonn siad ar thacú le grúpaí pobail áitiúla, deonacha agus neamhbhrabúis. Ar na tascanna le déanamh b’fhéidir bíonn tascanna chun bail a choinneáil ar áiseanna pobail agus spóirt, cabhrú le tionscnaimh na mBailte Slachtmhara, oibriú i gcaiféanna pobail agus i siopaí carthanachta, tacaíocht riaracháin a chur ar fáil, agus seirbhísí cúraim shóisialta a chur ar fáil, go háirithe do sheandaoine.

Teistiméireacht: Pobal Camphill/Gráinne McCormill

“Chuaigh Gráinne McCormill isteach sa Scéim Shóisialta Tuaithe in 2006 agus oibríonn sí le Pobal Camphill, Corr Sceitheach, Béal Átha Beithe. Is mór ag an bpobal comhroinnt saoil sa chaoi is go gcónaíonn cónaitheoirí agus oibrithe deonacha agus oibríonn siad agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí spioradálta agus sóisialta le chéile. Cuireann siad seirbhísí cónaithe agus lae ar fáil do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas intleachta agus a bhfuil riachtanais chúraim eile ag teastáil uathu. Tugann cónaitheoirí cúnamh de réir a gcumais; is oibrithe deonacha as Éirinn agus thar lear iad formhór na foirne tacaíochta.

Tá gabháltas beag acu, ina bhfuil tréad beag bleáin, agus tógtar gamhna fireanna le haghaidh stoc feola. Tá ealta bheag cearc breithe acu freisin. Fásann an fhoireann garraíodóireachta raon leathan glasraí ina ngarraithe scóir gus ina dtithe gloine; tá úllord beag ann freisin a sholáthraíonn táirgí do na trí theach. Is carthanas cláraithe iad pobail Camphill na hÉireann agus feidhmíonn siad faoi chaighdeáin náisiúnta cúraim shóisialta.

Is é príomhról Ghráinne an príomhbhéile a chócaráil do cheann de na tithe agus freisin do bhaill eile den fhoireann atá ag obair sa teach sin. Úsáideann sí na táirgí a fhástar ar an bhfeirm agus cuireann sí a biachláir in oiriúint chun leas a bhaint as cibé torthaí agus glasraí atá i dtráth. Bácálann sí arán úr agus cácaí freisin. Mar chuid de na cúraimí atá uirthi, cuidíonn sí le haire a thabhairt do dhuine de na mná atá ina cónaí ann. Deir sí go mbaineann sí sult as a bheith ag obair in Camphill agus go dtaitníonn an éagsúlacht léi”.

Gráinne ag ullmhú dinnéir do chónaitheoirí agus don fhoireann.

Príomhthorthaí **RSS do 2025**

Bhain 43 Grúpa Pobail leas as 74,022 uair an chloig oibre a chuir rannpháirtithe RSS ar fáil.

Bhí €7,500 ón deontas ábhar ríthábhachtach chun dul ar aghaidh le príomhthionscadail phobail nuair a bhíothas gann ar acmhainní. Ar an gcaoi sin, cinntíodh go mbeifí in ann iad a chur i bhfeidhm.

Éascaíodh 5 rannpháirtí nua SST ar an gclár, rud a d'fhág go raibh 73 acu san iomlán in 2025.

Chuaigh triúr a bhí ina rannpháirtithe SST le fada an lá ar scor in 2025.

Cuireadh 63 deis oiliúna ar fáil do rannpháirtithe in 2025, lena n-áirítear Láimhsiú Sábháilte & Garchabhair, Meabhairshláinte, Safepass, HAACP.

Tús (Tionscnamh Áit Oibre Pobail)

Arb í an Roinn Coimirce Sóisialaí a mhaoiníonn í

Is éard is an tionscnamh Tús ann Scéim Socrúcháin Oibre Pobail a chuireann deiseanna oibre gearrthéarmacha ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus, i gcásanna áirithe, do dhaoine faoi mhíchumas. Tá na deiseanna oibre ar mhaithe leis an bpobal agus cuireann eagraíochtaí Pobail agus Deonacha ar fáil iad i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon. Cuidíonn Tús le rannpháirtithe gnáthamh oibre a fháil ar ais, scileanna nua a fhorbairt, agus féinmhuinín a chothú iontu féin fad is atá siad ag cur lena bpobail.

Is é FCM a bhainistíonn an tionscnamh TÚS thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí, a bhfuil freagracht fhoriomlán uirthi as an scéim. Oibríonn rannpháirtithe 19 ½ uair sa tseachtain agus maireann an socrúchán 12 mhí. An obair ar fad a dhéanann rannpháirtithe Tús, ta sí pobalbhunaithe.

Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na cineálacha tionscadail atá incháilithe don scéim:

·Seirbhísí comhshaoil (mar shampla, caomhnú agus cothabháil siúlbhealaí náisiúnta)
·Seirbhísí cúraim (mar shampla, cúram leanaí, cúram do sheandaoine)
·Seirbhísí ginearálta pobail (mar shampla, nuachtlitreacha nó soláthar eolais do phobail)
·Seirbhísí oidhreachta agus cultúrtha (mar shampla, tionscadal oidhreachta na háite)

Teistiméireacht: Bréagánlann Charraig Mhachaire Rois

"Ag Bréagánlann Charraig Mhachaire Rois, táimid tar éis an-tairbhe a bhaint as an rochtain ar bhaill foirne a thugann Tús agus scéimeanna tacaíochta fostaíochta dá leithéid dúinn agus muid inár bhfiontar sóisialta carthanachta. Toisc go bhfuil ár gcorrlaigh oibriúcháin an-teann, bíonn sé an-dúshlánach in amanna maoiniú a fháil do róil lánaimseartha foirne.
Cuid thábhachtach dár bhfás eagraíochta ba ea tacú le hoibrithe scéime agus cabhrú leo a gcuid scileanna a chur in oiriúint dár dtimpeallacht oibre. Tar éis dúinn treoir agus tacaíocht thiomanta a thabhairt dár n-oibrithe scéime, d'fhorbair siad scileanna nua agus tá siad níos muiníne astu féin anois. Is caidreamh comhthairbheach é do gach duine atá páirteach." - *David Marron (Bainisteoir Bhréagánlann Charraig Mhachaire Rois)*

Bréagánlann Charraig Mhachaire Rois

Teistiméireacht: Cúram Páistí Chnoc an Labhrais

"Tá Cúram Páistí Chnoc an Labhrais cláraithe le TÚS ó osclaíodh muid i mí Lúnasa 2024. Is Seirbhís Iomlán Cúraim Lae muid, a chuireann seisiúin réamhscoile ECCE, Clubanna Bricfeasta agus Iarscoile ar fáil chomh maith le Cúram Lae agus Campaí Lasmuigh den Téarma. Tá an t-ádh orainn beirt rannpháirtí a fháil ón gClár TÚS le dhá bhliain anuas. Tá caidreamh láidir oibre snaidhmthe ag rannpháirtithe TÚS le baill foirne atá ann cheana féin agus le baill nua-earcaithe, is baill fhónta d'fhórsa saothair Chnoc an Labhrais iad a bhfuil meas mór againn orthu." - *Lorrayne Bradley (Bainisteoir Seirbhíse Chúram Páistí Chnoc an Labhrais) Cúram Páistí Chnoc an Labhrais, Baile na Lorgan*

Laurel Hill Childcare, Castleblayney

Príomhthorthaí Tús **do 2025**

Cuireadh 117 deis oiliúna ar fáil do rannpháirtithe in 2025, lena n-áirítear Láimhsiú Sábháilte & Garchabhair, Meabhairshláinte, Spraeáil & HAACP.

Fuair muid 129 gnáth-atreorú & 36 féin-atreorú in 2025, d'oibrigh muid leis an RCS ar chur chuige spriocdhírithe a thug 70 atreorú breise.

Bhain 60 Grúpa Pobail leas as 63,882 uair an chloig oibre a chuir rannpháirtithe Tús ar fáil.

Thosaigh 80 rannpháirtí ar Tús in 2005 agus chríochnaigh 56 a 12 mhí in 2025.

Ionad d'Oibrithe Deonacha **Mhuineacháin**

Monaghan Volunteer Centre
Ionad d'Obair Dheonach Muineacháin

Arb í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a mhaoiníonn é
Is é ráiteas misin Ionad d'Oibrithe Deonacha Mhuineacháin:

"Luach na hoibre deonaí a chur chun cinn agus cur le réimse agus caighdeán na hoibre deonaí i gCo. Mhuineacháin agus in Éirinn".

Is é croílár obair IOD ná eagraíochtaí neamhbhrabúis a thabhairt le chéile chun teacht ar oibrithe deonacha nua agus daoine a bhfuil suim acu san obair dheonach. Cuireann sé réimse tacaíochtaí ar fáil freisin do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Le blianta beaga anuas, reáchtáil an IODM roinnt cláir speisialtafreisin chun freastal ar imircigh agus ar ghrúpaí eile ar lú an seans go n-oibreoidís go deonach agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phobal.

Seoladh Oifigiúil Ghradaim d'Oibrithe Deonacha Co. Mhuineacháin 2025.

Duine a fuair Ciseáin Lá Idirnáisiúnta na nOibrithe Deonacha i dteannta Sinead Keenan.

Comhpháirtíochtaí na mBailte Slachtmhasa

Cruthaíonn ár gcomhpháirtíocht le Bailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois deiseanna do níos mó imirceach obair dheonach a dhéanamh agus don obair dheonach sin a dhéanamh ó cheann ceann roinnt míonna, seachas ag imeachtaí aonuaire amháin. Mar thoradh air sin rinneadh 1,099 uair an chloig d'obair dheonach in 2025, lena n-áirítear dhá chuairt chun cabhrú le Bailte Slachtmhara Inis Caoin. Is í Barbara (an t-oibrí s'againne a phléann le tionscadail ar a n-oibríonn imircigh mar oibrithe dheonacha) a d'earcaigh agus a bhainistigh na himircigh. Mar chuid den obair a rinne siad choinnigh siad caoi ar thaispeántais bhláthanna, ghlan siad potaí agus chuir siad plandaí nua iontu, bhailigh siad bruscar, chuir siad brat péinte ur ar chomharthaí agus rinne siad go leor eile.

Cuid dár bhfoireann "Flower Power" a chuidigh le Bailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois chun aire a thabhairt do thaispeántais bhláthanna timpeall an bhaile i rith an tsamhraidh ar fad.

"Faigheann muid cuidiú mór ó Oibrithe Deonacha ó Ionad d'Oibrithe Deonacha Mhuineacháin, is éard atá i gceist leis na Bailte Slachtmhara ná obair dheonach agus cuimsiú sóisialta, agus ag an am seo den bhliain bheimis i bponc gan na lámha breise sin." - ***Gerry Hand, Coiste na mBailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois***

'Míle buíochas libhse, a Barbara agus le foireann uile Ionad d'Oibrithe Deonacha Mhuineacháin, as bhur gcuid oibre agus bhur gcineáltas! Tá do thacaíocht chomh tábhachtach sin —ba mhór an pléisiúr é a bheith ag obair le tionscadal 'flower power' Charraig Mhachaire Rois. Eispéireas agus deis iontach a bhí ann i ndáiríre.' ***- Firdawz Ali, oibrí deonach***

Gradaim d'Oibrithe Deonacha Co. Mhuineacháin

Reáchtáladh an 18ú gradaim bhliantúil ag Amharclann Iontas i mí Dheireadh Fómhair agus ainmníodh 30 duine thar cheithre chatagóir ann. Ba iad na buaiteoirí:

Oibrí Deonach na Bliana - Linda Moore
Grúpa na Bliana - Forbairt Chnoc an tSalainn
Grúpa Oibrithe Deonacha na Bliana - Maoir Shochraide Chluain Eois
Gradam Saoil - Gerry Atkinson

D'ainmnigh muid Linda agus Gerry do ghradaim náisiúnta d'Oibrithe Deonacha Éireann agus bhí an-áthas orainn nuair a bhuaigh Gerry an chatagóir Seirbhísí Sábháilteachta & Éigeandála agus ba í Linda Oibrí Deonach náisiúnta na Bliana.

Gerry Atkinson (buaiteoir Seirbhísí Sábháilteachta & Éigeandála) agus Linda Moore (Oibrí Deonach Náisiúnta na Bliana)

Forbairt Chnoc an tSalainn, buaiteoirí Ghradaim d'Oibrithe Deonacha Co. Mhuineacháin – Ghrúpa Oibrithe Deonacha na hÉireann.

Príomhthorthaí Ionad d'Oibrithe Deonacha **Mhuineacháin do 2025**

Chláraigh 347 oibrí deonach nua.

317 socrúchán i róil dheonacha.

Próiseáladh 419 iarratas ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Cruthaíodh post nua do dhuine le bheith i bhfeighil ar Thionscadail a Oibríonn Inimircigh orthu.

Beirt bhall foirne nua - Eoin Treanor & Barbara Egan.

Bronnadh Gradaim d'Oibrithe Deonacha Mhuineacháin os comhair níos mó ná 280 duine.

Bhuaigh 2 bhuaiteoir na nGradam Deonach a d'ainmnigh muid do ghradaim náisiúnta.

Chruthaigh tionscadail Oibrithe Deonacha Imirceacha 178 socrúchán agus 1,139 uair an chloig d'obair dheonach Lá oibre deonaí fhoireann FCM le Bailte Slachtmhara Bhaile na Lorgan.

Tacaíocht do Fáilte Isteach lena n-áirítear earcaíocht agus aitheantas d'oibrithe deonacha.

Bunaíodh Cór Domhanda Charraig Mhachaire Rois.

Páirtíocht Bhailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois.

Ciseáin Lá Idirnáisiúnta na nOibrithe Deonacha d'oibrithe deonacha ag 27 eagraíocht.

Éagsúlacht imeachtaí eile, tionscadail agus oiliúint d'oibrithe deonacha.

Ár dTionchar ar fud Chontae **Mhuineacháin 2025**



Tá an Cabhán san áireamh mar go dtagann sé faoi na Seirbhísí Fostaíochta Ceantair Áitiúil (SFCÁ) lena gclúdaítear Muineachán agus an Cabhán*

*Nóta: Cuireann CCLD réimse iomlán de sheirbhísí SICAP, LEADER agus eile ar fáil i gCo. an Chabháin.

Eagraíochtaí Pobail agus **Deonacha ar tugadh Tacaíocht dóibh**

Ainmneacha na nGrúpaí

Aghabog Development Ass	TÚS
Aghabog GAA	TÚS, RSS
Aghabog Parish Committee	RSS
ALONE Monaghan	VC
Alzheimers Society Monaghan	VC
Annyalla Cremartin CFR	VC
Arch Club	VC
Ard na Lorgan Residents Committee	SICAP
Art Mooney Childcare	TÚS, RSS
Aughnamullen East Parish	RSS
Ballinode Community Projects (Tidy Towns)	TÚS
Ballyalbany Presbyterian Church	VC
Ballybay Community First Responder Group	VC
Ballybay Men's Shed	SICAP
Ballybay Tidy Towns	TÚS
Bawn Area Group	RSS
Bawn Latton CLG	VC
Beechgrove Residents Association	SICAP
Blackhill Young at Heart	Section 39
Blayney Academy FC	VC
Blayney Blades CLG	VC
Blayney Rovers FC	TÚS
Brookvale House	VC
Broomfield & Aghnafarcan	LEADER, TÚS, RSS
Cahan cs Ballybay	TÚS
Cairde Activation Centre	VC
Camphill Community	RSS
CAMRY - Cavan and Monaghan Rainbow Youth	VC
Carrick Community Allotments	TÚS
Carrick Scouts	TÚS
Carrickmacross Arts Festival	VC
Carrickmacross Cemetary Committee	TÚS
Carrickmacross Emmets GFC	LEADER
Carrickmacross Lace Gallery	RSS
Carrickmacross Men's Shed	SICAP
Carrickmacross Scouts	VC
Carrickmacross Social Services Committee	Section 39
Carrickmacross Tidy Towns	TÚS, VC
Carrickmacross Toy Library	SICAP, VC
Carrickmacross/Donaghmoyne CFR Group	VC
Carrickroe Community Centre Ltd	RSS
Carrickroe Community Centre CLG	LEADER
Carrickroe Tidy Towns	TÚS
Casandra Hand Centre Clones	TÚS
Castleblayney CFR	VC
Castleblayney Community Enterprise CLG	LEADER, SICAP
Castleblayney Community Gardens	TÚS

Eagraíochtaí Pobail agus **Deonacha ar tugadh Tacaíocht dóibh**

Castleblayney Community Pre School	TÚS
Castleblayney Faughs GAA	TÚS
Castleblayney Regeneration	VC
Castleblayney Social Services	Section 39
Castleblayney Tidy Towns	SICAP, VC
Children's Bible Club	VC
Clogher Historical Society	TÚS
Clones Day Care Centre	VC
Clones Development Society	Section 39, VC
Clones Library	VC
Clones Men's Shed	SICAP
Clones Tidy Towns	VC
Clones town F.C	TÚS
Clontibret Development Association	TÚS, RSS
Clontibret O'Neills GAA	RSS
Cloughvalley Development Association	TÚS
Coiste Forbaratha Gaeilge Mhuineachain (CFGM) CLG - An Nead	SICAP
Connons + Drumully	RSS
Cootehill Area Group	RSS
Cootehill Development	TÚS
Coragarry Free Presbyterian Church	VC
Corcaghan Development Association	LEADER, RSS
Corcaghan Youth Club	VC
Corduff Pipe Band	VC
Corduff Raferagh Active Retirement	Section 39, VC
Corrybrennan Residents Group	SICAP
Create and Connect	SICAP
Cremartin Shamrocks	RSS
Crocus Cancer Support Centre Company Ltd	VC
Crossduff	RSS
Crown Jesus Ministries	VC
Cu Chulainn Blood Bikes	VC
Cuan Mhuire Ballybay	VC
Currin Parish Committee	RSS
Disability Network	SICAP
Donagh Development Association	RSS
Donagh Parish	RSS, VC
Donaghmoyne GFC	RSS
Donaghmoyne Youth Band	VC
Doohamlet Community Alert	VC
Doohamlet Community and Resource Centre CLG	SICAP, VC
Doohamlet Day Care	Section 39
Doohamlet District Community Development Association	RSS
Doohat Table Tennis Club	VC
Down Syndrome Centre North East/Hub 21	VC
Drum Development Association	RSS
Drum Gospel Hall	VC

Eagraíochtaí Pobail agus **Deonacha ar tugadh Tacaíocht dóibh**

Drumhowan Community Group	LEADER, RSS, VC
Drumkill Daycare Centre Company Limited	Section 39, SICAP, TÚS, VC
Emyvale GAA	TÚS, RSS
Emyvale Leisure Centre Committee	VC
Emyvale Tidy Towns	VC
Errigal Truagh Parish	TÚS, RSS
Errigal Truagh Special Needs Parents & Friends CLG	VC
Failte Isteach Network Monaghan	SICAP, TÚS, VC
Fairview Reformed Presbyterian Church	VC
Farney Community Development	LEADER
Fields of Hope Children's Club	VC
Foroige Big Brother Big Sister Programme	VC
Free Methodist Hope Christian Fellowship	VC
Glaslough Development Association	SICAP, TÚS
Glaslough Tidy Towns	VC
Hub 21 (The Down Syndrome Centre North East)	SICAP
Ifrah Foundation	VC
Inniskeen Enterprise & Development Group	LEADER
Inniskeen Ramblers Active Retirement Group	Section 39
Inniskeen Tidy Towns	VC
Intents	VC
Iontas	VC
Ireland-Mmbondo Community	VC
Irish Heart Foundation Monaghan Branch	VC
Irish Pool Association	VC
Irish Wildlife Trust CLG (Monaghan Branch)	LEADER
Kilanny GFC	TÚS
Kilanny Parish	TÚS, RSS
Kilanny Young People	VC
Kileevan + Newbliss Development	RSS
Kileevan Tidy Towns	VC
Killygoan Allotments	VC
Killygoan Community Alert Group	SICAP
Kilmore/Swanns Cross Community Alert	VC
Knockatallon Childare	TÚS
Knockatallon Development Company	Section 39, TÚS, RSS
Laragh Community Alert	VC
Latton Bawn Community First Responder Group	VC
Latton GAA	LEADER
Latton RC - Fingers & Toes	RSS
Latton Wednesday Club	Section 39
Latton Social Services CLG	VC
Leslie Foundation	VC
Let's Give Back CLG	SICAP
Linking Ireland's New Communities	VC
Lisdoonan Recreation and Development Association	RSS, Section 39
Little Cosmos	SICAP

Eagraíochtaí Pobail agus **Deonacha ar tugadh Tacaíocht dóibh**

Loch Mor Residents Group	SICAP
Lough na Glack Residents Committee	SICAP
Magheracloone Community Centre	LEADER, VC
M-Hotel Refugee Multicultural Group	SICAP
MID - Migrant Centre	VC, LEADER, TÚS, RSS
Migrant Women's Group Carrickmacross	SICAP
Mol na Óige/Praise the Youth	TÚS, VC
Monaghan Cardiac First Responders	VC
Monaghan Civil Defence	VC
Monaghan Community Allotments Ltd	SICAP
Monaghan Country Music Festival	VC
Monaghan County Council	VC
Monaghan County Enterprise Fund	LEADER
Monaghan Elm Church	VC
Monaghan Failte Isteach	VC
Monaghan Group of Parishes	VC
Monaghan Harps	TÚS
Monaghan Health & Wellbeing Group	SICAP
Monaghan Immigrant Support Group	VC
Monaghan Meals on Wheels	VC
Monaghan Men's Shed	SICAP, TÚS
Monaghan Pony Club	VC
Monaghan Special Olympics	SICAP, VC
Monaghan Supported Employment	VC
Monaghan Tidy Towns	TÚS, VC
Monaghan Traveller Movement	SICAP
Monaghan Traveller Women's Group	SICAP
Monaghan Tuesday Club	Section 39
Monaghan United FC	LEADER, TÚS
Monaghan Visually Impaired Support Group	SICAP
Monaghan Waldorf School	VC
Muckno Lakers Basketball Club	LEADER
Muckno Parish	TÚS, RSS
Muineachan le Gaeilge	VC
Mullyash Community/Day Care Centre	Section 39
NCBI Charity Shop CMX	TÚS
NCBI Charity Shop Monaghan	TÚS
Newbliss Childcare Services CLG	SICAP
Newbliss Development	LEADER
North Monaghan Environmental Fishing Club	VC
Oram Community Development Association	TÚS, RSS, VC
Oram GFC	VC
Parish of Clones	RSS
Phoenix Centre Carrickmacross	LEADER, TÚS
Praxis Care/Brookevale House	VC
Riding for the Disabled Monaghan Group	VC
Riverbank Childcare	TÚS

Eagraíochtaí Pobail agus **Deonacha ar tugadh Tacaíocht dóibh**

Rockcorry GAA	RSS
Roma Integrated Monaghan	SICAP
S.M.A.R.T South Monaghan Autism Resource Team	VC
Samaritans Monaghan	VC
Scotstown GAA	LEADER, TÚS
Scotstown Tidy Towns	RSS
Seminary Monaghan - St Macartans	TÚS
Sew Much More	SICAP
Shalom Christian Fellowship	VC
Shercock CFR	VC
Siolta Chroi	SICAP
SMART	SICAP
Smithborough Tidy Towns	VC
Solas Monaghan	TÚS, VC
Sosad Ireland Monaghan	VC
Special Needs Active Parents (SNAP) Monaghan	VC
St Michael's Parish & Boundaries	RSS
St Patrick's RC Church (Tyholland)	RSS
St Salvators Church	RSS
St Michael's Regional Development	RSS
St Vincent de Paul Carrickmacross	TÚS
St Vincent de Paul Monaghan	TÚS
Teach na Daoine FRC	TÚS, VC
Tearmann Housing Association Ltd	VC
The Acts Community Church	VC
The Garage Theatre	TÚS
The Peace Link	LEADER, VC
Threemilehouse GAA Club	TÚS
Threemilehouse Residence Association	TÚS
Truagh Development Associaton CLG	LEADER, Section 39, SICAP
Truagh Special Needs	TÚS
Trubeginnings Childcare	TÚS
Tydavnet Community Centre	TÚS, RSS
Tydavnet Group Water Scheme	LEADER
Tydavnet Parish	TÚS, RSS
Tydavnet Parish Lunch Club	Section 39, VC
Tydavnet Tidy Towns	TÚS
Tydavnet Tots to Teens Childcare	TÚS
Tyholland GFC & Community Centre	RSS
Ukranian Community in Monaghan	VC
Victim Support at Court	VC
Vision Ireland Monaghan	VC
Wednesday Club Emyvale	VC
Word International Ministries, Carrickmacross	VC
Youth Work Ireland Castleblayney	TÚS
Youth Work Ireland Cavan Monaghan	VC
Youth Work Ireland Clones	TÚS

International Day
3 December
Persons with Disabilities
International Day of People with Disabilities

Welcome
Marie Doyle Ferry

SICAP
Social Inclusion &
Community Activation
Programme

Forbairt Chomhtaite Mhuineachain

www.midl.ie

/MonaghanIntegrated

/monaghanintegrateddevelopment/

/monaghan-integrated-development